An Coimisiún Eorpach



Freagairt an Choimisiúin ar an tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

# SÁBHÁIL COSMAIDÍ NEAMHCHRUÁLACHA – TABHAIR GEALLTANAS GO MBEIDH AN EORAIP SAOR Ó THÁSTÁIL AR AINMHITHE

Iúil 2023
#EUTakeTheInitiative

An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a n-éiríonn leo líon na ráiteas tacaíochta a bhaint amach a theastaíonn chun freagra a fháil ón gCoimisiún Eorpach. Seo an naoú tionscnamh rathúil ó na saoránaigh. Ritheadh reachtaíocht nua mar thoradh ar chuid acu, agus bhí torthaí fiúntacha ar chinn eile, mar shampla measúnú tionchair a sheoladh nó a chinntiú go nglacfar go tapa le tograí reachtacha a fhreagraíonn do chuspóirí an tionscnaimh cheana féin agus go gcuirtear i bhfeidhm iad ar fud an Aontais. Tógadh líonraí mar gheall ar shaincheisteanna i ngach cás, agus tá feasacht tar éis dul i méid i measc saoránach agus lucht déanta beartais.

## SPRIOCANNA NA N-EAGRAITHE

An cosc ar thástáil ainmhithe le haghaidh cosmaidí a neartú, rialacháin cheimiceán a athrú, agus eolaíocht a nuachóiriú trí athruithe reachtaíochta:

- a chinntiú nach ndéantar comhábhar cosmaideach ar bith a thástáil ar ainmhithe chun aon chríche ag am ar bith
- bainistiú ceimiceán a áirithiú gan ceanglais nua tástála ainmhithe a chur leis
- gealltanas a thabhairt do phlean oibre chun deireadh a chur le gach tástáil ainmhithe san Aontas roimh dheireadh an téarma reachtaíochta reatha



## RANNPHÁIRTÍOCHT

**1,217,916** síniú ó 27 Ballstát an Aontais.

## FREAGAIRT AN CHOIMISIÚIN AR AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

**Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas á moladh ag an gCoimisiún mar fhreagairt ar chuspóirí an tionscnaimh ó na saoránaigh:**

- leanúint leis an**toirmeasc ar thástáil ainmhithe a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú** faoi chuimsiú Rialachán Cosmaidí an Aontais;
- breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le hathruithe reachtaíochta chun **an t-idirphlé idir Rialacháin Cosmaidí an Aontais agus Rialacháin REACH a shoiléiriú tuilleadh** bunaithe ar thoradh athbhreithnithe bhreithiúnaigh leanúnaigh;
- tús a chur le hobair ar threochlár chun gníomhaíochtaí iolracha agus bealach céim ar chéim a mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha uile rannpháirteach iontu, **a chur in ionad tástála ar ainmhithe i measúnuithe sábháilteachta ceimiceán**;
- sraith gníomhaíochtaí a thionscnamh chun dlús a chur le laghdú**ar thástáil ainmhithe sa taighde, san oideachas agus san oiliúint**, lena n-áirítear ceardlanna taiscéalaíochta, agus tionscnaimh oiliúna nua a chothú d'eolaithe luathghairme;
- leanúint den tacaíocht do thaighde ar shlite tástála malartacha seachas ar ainmhithe le **maoiniú AE.**

## AMLÍNE

| Meitheamh 2021 | Lúnasa 2021 | Eanáir 2023 | Márta 2023 | Bealtaine 2023 | Iúil 2023 | Iúil 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cláraítear an tionscnamh | Tosaíonn lucht an tionscnaimh ag bailiú tacaíochta | Cuirtear an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin | Tá cruinniú ag eagraithe an tionscnaimh Věra Jourová, an Leas-Uachtarán, agus le Thierry Breton, an Coimisinéir don Mhargadh Inmheánach | Tionóltar éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa | Díospóireacht iomlánach i bParlaimint na hEorpa | Tugann an Coimisiún freagra oifigiúil |

## TÁSTÁIL AR AINMHITHE SAN EORAIP

**Bhí ról tábhachtach ag tástáil ar ainmhithe maidir le measúnú a dhéanamh ar rioscaí ó cheimiceáin do shláinte an duine nó don chomhshaol chomh maith le measúnú a dhéanamh ar leigheasanna nó taighde agus oideachas.**

Laghdaigh tástáil ar ainmhithe ar fud an Aontais ó **8.8 milliún** ainmhí in 2018, go **8.5 milliún** in 2019 agus go **7.9 milliún** ainmhí in 2020.

Do chuspóirí taighde a dhéantar **72%** de na tástálacha uile ar ainmhithe.

Déantar **17%** de thástálacha ar ainmhithe do chuspóirí rialacháin; ina measc sin déantar **75%** ar mhaithe le leigheasanna don duine agus d'ainmhithe a cheadú.





## GEALLTANAS AN AONTAIS CHUN TÁSTÁIL AR AINMHITHE A ATHCHUR, A LAGHDÚ NÓ A BHEACHTÚ

**Tá an Coimisiún ag obair chun tacú le taighde agus nuálaíocht i dtástáil nach tástáil ar ainmhithe í, agus chun cineálacha cur chuige tástála eile a chur chun cinn.**

- D'infheistigh an Coimisiún **€1 billiún** i níos mó ná 300 tionscadal taighde a bhaineann le mhalairtí ar thástáil ainmhithe le 20 bliain anuas.
- Bunaíodh **Saotharlann Tagartha AE** (EURL ECVAM) mar chuid d'Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin chun oibriú ar mhalairtí ar thástáil ar ainmhithe i dtaighde AE, agus chun iad a chur chun cinn agus a éascú.

## AN REACHTAÍOCHT REATHA

**Cinntíonn an tAontas Eorpach cheana féin go bhfuil cosaint láidir do leas ainmhithe i ngach ceann dá bheartais. Toirmisctear go sainráite ann freisin úsáid na tástála ar ainmhithe faoi chuimsiú Rialachán Cosmaidí an Aontais agus tugtar isteach, nuair is féidir, forálacha chun tástáil ar ainmhithe a ionadú, a laghdú agus a bheachtú chun críocha rialála.**

**Airteagal 13 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh:** mar neacha mothaitheacha, ba cheart aird iomlán a thabhairt ar cheanglais leasa ainmhithe.

**Rialachán Ceimiceán AE (REACH):** sonraítear ann nach n-úsáidfear tástáil ar ainmhithe ach mar rogha dheireanach agus ceimiceáin ar leith á gclárú; á cheangal go gcuirfear modhanna eile in áit tástálacha ar ainmhithe veirteabracha nuair is féidir.

**Rialachán Cosmaidí AE:** tá sé i bhfeidhm ó 2013 i leith, cuireann sé an chosaint is airde ar fáil in aghaidh tástáil ar ainmhithe trí thoirmeasc a chur ar tháirgí cosmaidí a ndearnadh tástáil orthu ar ainmhithe a chur ar an margadh.

**Treoir AE maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críocha eolaíocha:** leagtar síos ann rialacha agus coinníollacha dochta maidir le conas is féidir tástáil ar ainmhithe a dhéanamh nuair is gá fós, agus é mar sprioc deireadh a chur go hiomlán le húsáid ainmhithe i dtaighde agus chun críocha rialála san Aontas.

An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

**Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh**
– d'uirlis chun an beartas Eorpach a mhúnlú
#EUTakeTheInitiative
https://europa.eu/citizens-initiative/_ga

**Lean nuashonruithe ón tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh anseo:**

https://europa.eu/citizens-initiative/news_ga

**Féach na Scéalta Ratha mionsonraithe san Fhóram ECI anseo:**

https://europa.eu/citizens-initiative-forum/learn/success-stories_ga

© An tAontas Eorpach, 2023 | Luxembourg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023
Tá beartas athúsáide dhoiciméid an Aontais Eorpaigh arna chur i bhfeidhm ag Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39). Mura luaitear a mhalairt, tá athúsáid an doiciméid seo údaraithe faoi cheadúnas Creative Commons Attribution 4.0 International (CC-BY 4.0) (https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/ ). Ciallaíonn seo go gceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí agus go dtaispeántar aon athruithe. ÍOMHÁNNA: ADOBE STOCK, ICONS FLATICON

Print ISBN 978-92-68-05199-3 doi:10.2792/319 KA-04-23-680-GA-C
PDF ISBN 978-92-68-05201-3 doi:10.2792/477984 KA-04-23-680-GA-N